2025/2219

4.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2219 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Samhain 2025

lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála sealadacha ar allmhairí sraithadhmaid bogadhmaid de thionscnamh Phoblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 6 Márta 2025, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí sraithadhmaid bogadhmaid de thionscnamh Phoblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle ('an tír lena mbaineann' nó 'an Bhrasaíl') ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir an Cuibhreannas um Shraithadhmad Bogadhmaid ('an gearánach') isteach an 20 Eanáir 2025. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal sraithadhmaid bogadhmaid an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/922 ón gCoimisiún ('an Rialachán maidir le clárú') ([3]), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe.

1.3. Páirtithe leasmhara

(4) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún táirgeoirí aitheanta an Aontais, táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta na Brasaíle agus údaráis na Brasaíle, allmhaireoirí, soláthróirí, úsáideoirí agus trádálaithe aitheanta, mar aon le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach, ar an eolas faoi thionscnamh an imscrúdaithe agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(5) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO C, C/2025/1490, 6.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1490/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/922 an 20 Bealtaine 2025 lena gcuirtear allmhairí sraithadhmaid bogadhmaid de thionscnamh na Brasaíle faoi réir a gcláraithe (IO L, 2025/922, 21.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/922/oj).

1.4. **Barúlacha maidir leis an tionscnamh**

(6) Tar éis an tionscnaimh, rinne an gearánach, Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil ('ABIMCI'), an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid ('PTIA'), ar grúpa *ad hoc* d'allmhaireoirí neamhchomhlachaithe san Aontas é, agus na hallmhaireoirí neamhchomhlachaithe Bo Andrén AB, Keflico agus Schüttler Holzmakler/Agentur e.K. aighneachtaí maidir leis an bhfianaise sa ghearán a bhaineann le dumpáil, díobháil, cúisíocht agus leas an Aontais. Mar fhreagairt air sin, thug trí tháirgeoir de chuid an Aontais chomh maith leis an ngearánach barúlacha. Tugtar aghaidh ar na barúlacha thíos.

(7) Rinne Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil aighneachtaí breise lenar bréagnaíodh barúlacha an ghearánaigh, de bhun Roinn 8 den fhógra tionscnaimh. Foráiltear le Roinn 8 aon bharúil maidir le faisnéis a chuirfidh páirtithe leasmhara isteach roimh an sprioc-am maidir le forchur na mbeart sealadach, ba cheart í a dhéanamh laistigh de 75 lá ar a dhéanaí tar éis dháta foilsithe an fhógra tionscnaimh, mura sonraítear a mhalairt. Cuireadh barúlacha frisnéise Chomhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil isteach an 14 Iúil 2025.

(8) Ós rud é gur cuireadh na barúlacha sin isteach lasmuigh de na teorainneacha ama ábhartha a leagadh síos san fhógra tionscnaimh, níorbh fhéidir iad a chur san áireamh ag an gcéim sin den imscrúdú.

Barúlacha maidir leis an ngearán agus an nós imeachta

(9) Chuir Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil ábhair imní in iúl maidir le rúndacht na faisnéise sa ghearán, go háirithe líomhain Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil go raibh easpa achoimrí fóinteacha neamhrúnda ar shonraí a úsáideadh le haghaidh ríomh an ghnáthluacha a mbítear ag brath air i gcás líomhaintí dumpála agus maidir leis an modheolaíocht agus na foinsí a úsáideadh sa 'Tuarascáil maidir leis an nGnáthluach'. D'áitigh Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil gur chuir an easpa trédhearcachta sin cosc ar pháirtithe leasmhara tuiscint réasúnta a bheith acu ar an bhfaisnéis rúnda, rud a bhí riachtanach chun a gcearta a chosaint agus chun barúlacha fóinteacha a sholáthar maidir leis na líomhaintí dumpála agus díobhála.

(10) Líomhain PTIA go ndearnadh an iomarca sonraí maidir le díobháil a fholú sa ghearán. D'áitigh siad gur chuir sin bac ar chumas na bpáirtithe leasmhara líomhaintí maidir le díobháil ábhartha a thuiscint agus freagairt go fóinteach dóibh.

(11) Déantar foráil le hAirteagal 19 den bhun-Rialachán maidir le faisnéis rúnda a chosaint i gcúinsí ina mbeadh buntáiste iomaíoch suntasach ann d'iomaitheoir dá nochtfaí an fhaisnéis sin nó ina ndéanfadh an nochtadh dochar suntasach do dhuine a sholáthraíonn an fhaisnéis nó do dhuine óna bhfuair an duine sin an fhaisnéis.

(12) Thug an Coimisiún dá aire go raibh faisnéis áirithe (amhail an staidéar a choimisiúnaigh an gearánach chun faisnéis a bhailiú maidir le praghsanna intíre ar shraithadhmad bogadhmaid sa Bhrasaíl) rúnda agus nach raibh sí oiriúnach d'achoimre neamhrúnda. Ina theannta sin, bhí na tuarascálacha éagsúla dá dtagraítear sa ghearán faoi réir cóipchirt.

(13) Mheas an Coimisiún gur leor an fhianaise riachtanach agus na hachoimrí neamhrúnda ar shonraí ar deonaíodh láimhseáil rúnda dóibh sa leagan oscailte den ghearán atá ar fáil le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara chun ligean do pháirtithe leasmhara a gcearta cosanta a fheidhmiú le linn na n-imeachtaí agus gur chomhlíon sé ceanglais Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán. Mheas an Coimisiún freisin gur leor raon sonraí a sholáthar in éineacht le hinnéacsanna chun deis a thabhairt do na páirtithe leasmhara a gcearta cosanta a fheidhmiú le linn na n-imeachtaí agus gur chomhlíon sé ceanglais Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin.

(14) D'áitigh Bo Andrén AB go raibh na luachanna a úsáideadh sa ghearán mar phraghsanna margaidh intíre na Brasaíle míchruinn toisc go mbeadh saintréithe táirgí éagsúla ag na táirgí a dhíoltar ar mhargadh na Brasaíle den chuid is mó agus go ndéanfadh na difríochtaí sin aon chomparáid dhíreach idir painéil intíre na Brasaíle agus an táirge onnmhairiúcháin neamhbhailí. Thairis sin, d'áitigh Bo Andrén AB nach mbeadh sonraí na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach (ITTO), a úsáidtear sa ghearán mar thagairt chun an Gnáthluach a ríomh, ionadaíoch toisc go rianaíonn ITTO táirgí crua-adhmaid trópaiceacha go príomha, seachas sraithadhmad bogadhmaid. Dhéanfadh sé sin na corrlaigh dhumpála a bhoilsciú go saorga. D'iarr Bo Andrén AB ar an gCoimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar na sonraí sin agus foinsí sonraí malartacha a ionchorprú nó modheolaíochtaí a léiríonn go cruinn margadh sraithadhmaid bogadhmaid na Brasaíle.

(15) I ndáil leis sin, chuir an Coimisiún i dtábhacht nach mór fianaise leordhóthanach a bheith in iarratas. Go háirithe, de réir cás-dlí socraithe, tá cainníocht agus cáilíocht na fianaise is gá chun na critéir maidir le leordhóthanacht na fianaise a chomhlíonadh chun imscrúdú a thionscnamh éagsúil leis an bhfianaise is gá chun réamhchinneadh nó cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir le dumpáil, díobháil nó nasc cúisíoch a bheith ann ([4]). I bhfianaise an mhéid sin, mheas an Coimisiún gur leor an fhianaise ar dhumpáil san iarratas. Sa tuarascáil ar phraghsanna intíre in Iarscríbhinn 8 a ghabhann leis an ngearán, bhí cuid thuairisciúil den mhodheolaíocht a úsáideadh agus foinsí na sonraí chomh maith le sonraí leordhóthanacha faoi phraghsanna a bhí le húsáid mar fhianaise.

Barúlacha maidir le dumpáil

(16) Rinne Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil agóid in aghaidh líomhaintí dumpála an ghearánaigh, agus mhaígh sé nach bhfuil bailíocht dhlíthiúil aige faoi Airteagal 5.2 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT. Dúirt Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil go raibh maímh an ghearánaigh ag brath ar shonraí neamhfhíoraithe agus neamhiomlána agus go ndearna an gearánach tuairimíocht maidir le cobhsaíocht praghsanna trí úsáid a bhaint as sraithadhmad *parica* (táirge crua-adhmaid neamh-inchomparáide), cur chuige atá lochtach ó thaobh na modheolaíochta de.

(17) Dúirt Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil freisin go raibh na praghsanna intíre a úsáideadh sa ghearán boilscithe i gcomparáid le praghsanna iarbhír sraithadhmaid péine (*pinus elliottii*) sa Bhrasaíl, praghsanna a bhí i bhfad níos ísle. Ar deireadh, thacaigh imscrúdú frithdhumpála foirceanta na hAirgintíne ar allmhairí cineálacha áirithe painéil sraithadhmaid feanólaigh ón mBrasaíl ([5]) le seasamh Chomhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil nach raibh dumpáil ag tarlú. Tháinig Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil ar an gconclúid go raibh na líomhaintí gan bhunús agus neamhleor ó thaobh an dlí de mar gheall ar na heasnaimh sin.

(18) Mar sin féin, mheas an Coimisiún go raibh fianaise leordhóthanach sa ghearán a léirigh ar an iomlán gurbh ann do dhumpáil, i gcomhréir leis an gcaighdeán dlíthiúil ábhartha a dtugtar tuairisc air in aithris (15). Leis na ríomhanna dumpála sa leagan oscailte den gearán soláthraíodh míniú mionsonraithe ar na gnéithe éagsúla uile a úsáideadh chun teacht ar an ríomh dumpála, lena n-áirítear na foinsí uile a úsáideadh le haghaidh na ríomhanna sin, rud a thug tuiscint fhóinteach do na páirtithe leasmhara ar phríomhghnéithe na líomhainte dumpála.

(19) Bhain an t-imscrúdú san Airgintín le margadh eile seachas margadh an Aontais agus dá bhrí sin ní raibh sé ábhartha i gcás líomhaintí maidir le himscrúdú reatha a thionscnamh.

(20) Dá bhrí sin, diúltaíodh do na barúlacha maidir le líomhaintí dumpála an ghearáin.

Barúlacha maidir le díobháil

(21) Chuir Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil in aghaidh na líomhaintí díobhála a maíodh sa ghearán. D'áitigh sé nach ndearnadh scrúdú oibiachtúil ar na líomhaintí díobhála mar gheall ar an méadú ar mhéideanna na n-allmhairí ón mBrasaíl ar phraghsanna ísle. D'áitigh sé freisin go raibh na táscairí micreacnamaíocha agus maicreacnamaíocha a tuairiscíodh bunaithe ar mheastacháin agus ar shonraí amhantracha.

(22) Chuir Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil i dtábhacht gur cheart measúnú neamhchlaonta a bheith i gceist le fíorscrúdú oibiachtúil, measúnú lena mbaineann fianaise fhrithráiteach a fhíorú, agus gur cheart go mbeadh sé i gcomhréir le prionsabal an mheoin mhacánta agus prionsabal na cothroime bunúsaí.

(23) Thairis sin, d'áitigh Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil gur tháinig laghdú ar mhéid na n-allmhairí ón mBrasaíl, agus mhaígh sé gur lean siad an treocht chéanna le tomhaltas an Aontais. Mhaígh sé freisin gur tháinig méadú ar phraghsanna allmhairiúcháin na Brasaíle le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(24) Chuir an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid in aghaidh na líomhaintí maidir le díobháil a maíodh sa ghearán freisin. D'áitigh sí go ndearnadh rómheastachán ar an méadú ar allmhairí ón mBrasaíl agus chuir sí an méadú i leith an fhillte ar an ngnáthshaol tar éis an tsuaite sa mhargadh a bhain le COVID-19 go príomha. Thug sí dá haire nár léirigh an méadú tuairiscithe ar mhéid ó 2021 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin ach filleadh ar na leibhéil a bhí ann go forleathan roimh an bpaindéim.

([4]) Breithiúnas ón 11 Iúil 2017, Viraj Profiles Ltd v Comhairle an Aontais Eorpaigh, Cás T-67/14, ECLI:EU:T:2017:481, mír. 98.
([5]) https://globaltradealert.org/intervention/16770.

(25) Thairis sin, d'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid gur tháinig laghdú 11 % ar na hallmhairí ón mBrasaíl ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, agus rinne sí agóid in aghaidh na líomhaintí sa ghearán go raibh insreabhadh mór ann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'áitigh sí freisin go ndearnadh aon treocht dhiúltach a tugadh faoi deara a léiriú go bréagach mar dhíobháil ós rud é nach bhfuil iontu ach éifeachtaí chobhsú na margaí tar éis an téarnaimh iar-COVID.

(26) Ar deireadh, rinne sí agóid in aghaidh leordhóthanacht agus soiléireacht na sonraí maidir le praghsanna agus méideanna na n-allmhairí, rud a léirigh go raibh an anailís díobhála neamhchonclúideach mar gheall ar spleáchas ar thréimhsí neamhionadaíocha agus ar shonraí amhantracha.

(27) Chinn an Coimisiún go raibh fianaise leordhóthanach sa ghearán chun a chinneadh go ndearnadh díobháil ábhartha, rud is gá chun imscrúdú a thionscnamh. Rinneadh anailís ar tháscairí maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha araon i Roinn 6 den ghearán. Toradh maidir le díobháil ábhartha, rud is gá chun imscrúdú a thionscnamh, meabhraíonn an Coimisiún go gceanglaítear leis an méid sin scrúdú a dhéanamh ar na fachtóirí ábhartha a shonraítear sa bhun-Rialachán.

(28) Ní cheanglaítear go sonrach le hAirteagal 5 den bhun-Rialachán go léireodh na fachtóirí díobhála uile a liostaítear in Airteagal 3(5) meathlú le go ndéanfaí díobháil ábhartha a chruthú go leordhóthanach chun imscrúdú a thionscnamh. Sonraítear i bhfoclaíocht Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán go gcuimseoidh an gearán fianaise faoi na hathruithe ar mhéid na n-allmhairí a líomhnaítear gur dumpáladh iad, éifeacht na n-allmhairí sin ar phraghsanna an táirge chomhchosúil ar mhargadh an Aontais agus tionchar iarmhartach na n-allmhairí ar thionscal an Aontais, faoi mar atá léirithe ag tosca ábhartha (ach ní acu uile b'fhéidir). Bhí an fhaisnéis sin sa ghearán, rud a léirigh go raibh díobháil ann.

(29) Dá réir sin, mheas an Coimisiún go raibh fianaise leordhóthanach sa ghearán go ndearnadh díobháil agus dhiúltaigh sé do na maímh ó Chomhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil agus ón gComhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid.

(30) Chuir Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil agus an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid in aghaidh úsáid na bliana 2021 mar phointe tagartha (bonnbhliain), agus d'áitigh siad go raibh tionscail ag téarnamh ó COVID-19 le linn na bliana sin agus 2022 freisin agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sí ionadaíoch le haghaidh na hanailíse ar dhíobháil.

(31) Chinn an Coimisiún go bhfuil an tréimhse faoi bhreathnú chun meastóireacht a dhéanamh ar dhíobháil i gcomhréir le cleachtas seanbhunaithe an Choimisiúin, arb é atá i gceist leis athbhreithniú a dhéanamh ar dhíobháil ábhartha thar thréimhse 3 bliana féilire móide an tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh ó Chomhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil agus ón gComhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid.

1.5. **Sampláil**

(32) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Táirgeoirí an Aontais a shampláil

(33) San fhógra tionscnaimh uaidh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn an mhéid is mó táirgeachta agus díolachán a bhféadfaí imscrúdú a dhéanamh air laistigh den tréimhse ama a bhí ar fáil agus ar bhonn raon geografach maith. Is é a bhí sa sampla sin trí tháirgeoir de chuid an Aontais. Chuimsigh táirgeoirí sampláilte an Aontais breis agus 55 % de mhéid iomlán táirgeachta agus díolachán measta an táirge chomhchosúil san Aontas. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil. Is sampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais é.

Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil

(34) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar.

(35) Sholáthair 14 allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá allmhaireoir neamhchomhlachaithe ar bhonn mhéid na n-allmhairí ón mBrasaíl isteach san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Thart ar 10 % de chainníocht allmhairiúcháin iomlán mheasta an táirge faoi imscrúdú ón mBrasaíl isteach san Aontas a bhí sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach allmhaireoir aitheanta lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Ní bhfuarthas aon bharúil.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil

(36) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa Bhrasaíl an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Phoblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(37) Sholáthair 59 dtáirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de bheirt táirgeoirí onnmhairiúcháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den tréimhse a bhí ar fáil, is iad sin Nereu Rodrigues & Cia Ltda ('Nereu') agus Indústria de Compensados Sudati Ltda ('Sudati').

(38) I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle leis gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla.

(39) Táirgeoir onnmhairiúcháin nár áiríodh sa sampla sealadach, Indústria de Compensados Guararapes Ltda. D'iarr ('Guararapes') a bheith san áireamh sa sampla. D'áitigh Guararapes go bhfuil ionadaíochas teoranta ag an sampla sealadach, ós rud é nár chumhdaigh sé ach 30 % d'onnmhairí sraithadhmaid bhogadhmaid na Brasaíle chuig an Aontas gan ach dhá onnmhaireoir ann. D'áitigh sé freisin go raibh neamhréireacht san ionadaíochas, ós rud é gur ó thionscal an Aontais a tháinig 50 % de tháirgeacht an Aontais.

(40) An tráth céanna, shainaithin an t-onnmhaireoir sampláilte Sudati cuideachtaí comhlachaithe a tháirg agus a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann freisin, is iad sin Guararapes agus Conply Indústria de Compensados Ltda. Áiríodh na cuideachtaí onnmhairiúcháin sin sa sampla deiridh ina dhiaidh sin.

(41) Dá bhrí sin, is éard a bhí i sampla deiridh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin grúpa cuideachtaí atá comhlachaithe de réir teaghlaigh (Sudati, Guararapes agus Conply, dá ngairfear 'Grúpa SCG' anseo feasta) agus táirgeoir onnmhairiúcháin neamhchomhlachaithe amháin (Nereu).

(42) Mar fhreagairt ar an mbarúil a rinne Guararapes, tugann an Coimisiún dá aire nach mbaineann ionadaíocht thionscal an Aontais ar tháirgeacht an Aontais le hábhar chun sampla na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a roghnú.

1.6. **Scrúdú aonair**

(43) Chuir Guararapes iarraidh isteach ar scrúdú aonair faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán, agus mhaígh sé nach gcuireann ceangail teaghlaigh a nascann é le Sudati agus Conply isteach ar a neamhspleáchas dlíthiúil agus oibríochtúil. Coinníonn an chuideachta neamhspleáchas iomlán dlíthiúil agus oibríochtúil ón dá onnmhaireoir de chuid na Brasaíle ar bun agus dá bhrí sin ba cheart caitheamh léi mar eintiteas eacnamaíoch ar leith chun críocha an imscrúdaithe sin.

(44) Tugann an Coimisiún dá aire, de bhun Airteagal 127(h) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([6]), go meastar gur eintitis chomhlachaithe iad táirgeoirí onnmhairiúcháin má bhaineann siad leis an teaghlach céanna. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh ar scrúdú aonair a chuir Guararapes isteach faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(45) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sa Bhrasaíl, chuig na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, chuig na hallmhaireoirí agus chuig na húsáideoirí. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne ([7]) lá an tionscnaimh.

(46) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais

— UPM Plywood Oy, Lahti, an Fhionlainn ('UPM')

— Paged Plywood S.A., Morąg, an Pholainn ('Paged')

— SAS Thebault Plyland, Solférino, an Fhrainc ('Thebault')

Allmhaireoirí

— Altripan NV, Antwerp, an Bheilg ('Altripan')

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Bhrasaíl

— Indústria de Compensados Sudati Ltda., Palmas, Paraná, an Bhrasaíl

— Conply Indústria de Compensados Ltda., Palmas, Paraná, an Bhrasaíl

— Indústria de Compensados Guararapes Ltda., Palmas, Paraná, an Bhrasaíl

— Nereu Rodrigues & Cia Ltda., Correia Pinto, Santa Catarina, an Bhrasaíl agus a chuideachta díolacháin chomhlachaithe

1.8. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(47) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus díobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. **AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

2.1. **An táirge faoi imscrúdú**

(48) Is éard atá sa táirge faoi imscrúdú sraithadhmad, gan ann ach leatháin adhmaid (seachas bambú), nach mó ná 6 mm tiús gach sraithe, ar den adhmad buaircíneach an dá shraith sheachtracha, bídís brataithe nó clúdaithe ar an dromchla nó ná bídís ('sraithadhmad bog'), a aicmítear faoi láthair faoi chód AC 4412 39 00 ('an táirge faoi imscrúdú').

(49) Úsáidtear sraithadhmad bogadhmaid i raon leathan feidhmeanna, amhail i dtógáil, troscán, painéil balla, foleagan urláir (amhail in urláir iontlaise), agus i dtionscal an phacáistithe agus i dtionscal an díonlaigh.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

([7]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2779.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(50) Is é an táirge lena mbaineann sraithadhmad bogadhmaid de thionscnamh na Brasaíle, a aicmítear faoi láthair faoi chód AC ex 4412 39 00 (‘an táirge lena mbaineann’).

2.3. **An táirge comhchosúil**

(51) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na tíre lena mbaineann; agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(52) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. **Maímh maidir le raon feidhme an táirge**

(53) Chuir an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid imní in iúl maidir le hinchomparáideacht agus aicmiú na dtáirgí lena mbaineann. D’áitigh siad go bhfuil idirdhealú criticiúil ann idir sraithadhmad bogadhmaid struchtúrach agus neamhstruchtúrach, rud nach dtugann raon feidhme reatha an táirge aghaidh air go leordhóthanach. Mhol an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid go mbíonn tionchar suntasach ag na difríochtaí sin ar phraghsáil agus ar chur i bhfeidhm sa mhargadh, rud a dhéanann difear don anailís dumpála agus díobhála.

(54) Chuir an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid i dtábhacht go mbeadh gá le paraiméadar struchtúrach/neamhstruchtúrach a áireamh i struchtúr na códuimhreach táirge chun comparáid chothrom agus cinneadh cruinn na gcorrlach dumpála a áirithiú. D’áitigh siad gur cheart na difríochtaí sin a aithint san imscrúdú ionas nach ndéanfar táirgí nach bhfuil ábhartha don dumpáil nó don díobháil líomhnaithe a áireamh gan údar.

(55) Thairis sin, bhí an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid den tuairim nár cheart a mheas gur táirgí comhchosúla iad sraithadhmad sprúis agus sraithadhmad péine, toisc go n-eascraíonn siad ó speicis adhmaid éagsúla agus go bhfuil feidhmeanna agus margaí éagsúla acu. Tá an difríocht sin suntasach go leor chun gur gá athmheastóireacht a dhéanamh ar an raon feidhme agus chun táirgí áirithe nach bhfuil in iomaíocht dhíreach le sraithadhmad bogadhmaid a tháirgtear san Aontas a eisiamh.

(56) Chuir Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil na difríochtaí suntasacha i dtábhacht maidir le hinchomparáideacht, inmhalartacht, agus inionadaitheacht idir cineálacha éagsúla sraithadhmaid, amhail péine in aghaidh sprúis agus cineálacha táirgí brataithe in aghaidh cineálacha táirgí neamhbhrataithe. D’áitigh Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil go bhfreastalaíonn na táirgí sin ar dheighleoga margaidh ar leith agus go bhfuil saintréithe uathúla teicniúla agus fisiceacha acu, rud a fhágann go mbíonn tosaíochtaí tomhaltóirí difreáilte ann. Leag sé béim ar an tábhacht a bhaineann le hanailís dheighilte lena gcuirtear san áireamh tosca amhail sraithadhmad bogadhmaid struchtúrach i gcomparáid le sraithadhmad bogadhmaid neamhstruchtúrach, chomh maith le deighleoga préimhe i gcomparáid le deighleoga níos saoire. D’áitigh ABIMCI gur ghá anailís díobhála dheighilte a dhéanamh.

(57) Mar fhreagra air sin, tharraing an gearánach aird ar an bhfianaise a soláthraíodh sa ghearán, rud a léirigh go bhfuil speicis sprúis agus speicis péine araon mar chuid d’fhine níos leithne na n-adhmad buaircíneach. I gcomparáid le cineálacha eile adhmaid, go háirithe speicis leathanduilleacha agus speicis chrua-adhmaid eile, bíonn dath níos éadroime nó dath meathbhán ar sprús agus ar phéine araon, is fusa iad a ghearradh, agus tá struchtúr póiriúil simplithe acu agus cion ard roisín iontu. Ina theannta sin, níl aon difríocht ábhartha idir sraithadhmad bogadhmaid a dhéantar as sprús agus péine a mhéid a bhaineann lena bpróiseas táirgthe, lena bpróiseas díola agus lena mbealaí dáileacháin san Aontas, arb ionann iad go léir.

(58) Chinn an Coimisiún go bhfuil cáilíochtaí éagsúla ann fiú laistigh d'aon chineál adhmaid amháin toisc gur ábhar nádúrtha é. Léirítear é sin sa chóduimhir táirge. Mar sin féin, chinn an Coimisiún gur minic a úsáidtear speicis péine agus sprúis araon go hidirmhalartach. Eascraíonn an dá speiceas as fine níos leithne na n-adhmad buaircíneach, atá aitheanta mar gheall ar a ndath níos éadroime, a n-inoibritheacht réasúnta éasca, agus a struchtúr póiriúil simplithe, rud a fhágann go mbíonn airíonna fisiceacha, modheolaíochtaí táirgthe agus feidhmeanna margaidh comhchosúla acu. Go suntasach, tá an cion roisín i sprús agus i bpéine réasúnta ard, rud a mbíonn tionchar aige ar a marthanacht agus ar a n-inúsáidteacht i bhfeidhmeanna comhchosúla táirgí.

(59) Déanann tomhaltóirí idirdhealú go príomha idir sraithadhmad bogadhmaid agus sraithadhmad crua-adhmaid.

(60) Thairis sin, murab ionann agus an líomhain go ndíríonn táirgeoirí an Aontais go príomha ar shraithadhmad bogadhmaid brataithe a tháirgeadh, i gcodarsnacht le hallmhairí na Brasaíle atá neamhbhrataithe den chuid is mó, léiríodh in anailís chuimsitheach an Choimisiúin gurb iad táirgí sraithadhmaid bogadhmaid neamhbhrataithe den chuid is mó a tháirgeann táirgeoirí sampláilte an Aontais.

(61) Thug an Coimisiún dá aire freisin go raibh samplaí sonracha sa ghearán d'úsáideoir tionsclaíoch de chuid an Aontais a fhoinsíonn sraithadhmad bogadhmaid de speicis sprúis agus péine araon le haghaidh na n-úsáidí deiridh céanna; agus táirgeoirí de chuid an Aontais a fhoinsíonn an dá speiceas bogadhmaid, is minic a mheascann siad iad agus a bhaineann siad idirúsáid as veinírí péine agus sprúis agus painéil de shraithadhmad bogadhmaid á tháirgeadh acu.

(62) Ar na cúiseanna thuasluaite uile, chinn an Coimisiún, gan beann ar cé acu atá siad comhdhéanta de speicis péine nó sprúis, agus gan beann ar iad a bheith brataithe nó neamhbhrataithe, nó iad a bheith ceaptha le haghaidh úsáidí struchtúracha nó neamhstruchtúracha, gurb amhlaidh a mheastar gur táirgí comhchosúla iad na héagsúlachtaí bogadhmaid uile, gurb ionann na buntréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha atá acu, agus go bhfuil siad in iomaíocht sa mhargadh céanna. Tagann siad faoin sainiú táirge céanna faoi raon feidhme an imscrúdaithe reatha, lena n-áirithítear anailís chomhleanúnach chuimsitheach atá comhsheasmhach le creataí rialála seanbhunaithe agus le cleachtas an Choimisiúin roimhe seo. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don éileamh ar anailís dheighilte.

3. DUMPÁIL

3.1. An Gnáthluach

(63) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús chun a fháil amach an méid ionadaíoch a bhí i méid iomlán na ndíolachán intíre i gcás gach táirgeora onnmhairiúcháin comhoibríoch a sampláladh, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán.

(64) Tá na díolacháin intíre ionadaíoch más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin 5 % ar a laghad de mhéid iomlán a dhíolachán onnmhairiúcháin leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcás an táirge lena mbaineann. Ar an mbonn sin, ní raibh na díolacháin iomlána a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin a sampláladh maidir leis an táirge comhchosúil ar an margadh intíre ionadaíoch.

(65) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú leis an Aontas i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a raibh díolacháin intíre ionadaíocha acu.

(66) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin lena fháil amach an méid ionadaíoch a bhí sna díolacháin intíre a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte ar a mhargadh intíre i gcás gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán.

(67) Tá na díolacháin intíre ionadaíoch i gcás cineáil táirge más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an chineáil táirge sin le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdúcháin 5 % de mhéid iomlán dhíolacháin onnmhairiúcháin an chineáil táirge chomhionainne nó inchomparáide leis an Aontas.

(68) As na ceithre chuideachta a imscrúdaíodh, ní raibh aon díolachán intíre ag cuideachta amháin ar chor ar bith. Ní raibh aon chineál táirge ionadaíoch ag na trí chuideachta eile, nó ní raibh ach líon beag cineálacha táirgí acu a bhí ionadaíoch.

(69) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún an cion de dhíolacháin bhrabúsacha le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre i gcás gach cineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun a chinneadh ar cheart díolacháin intíre a úsáid chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(70) Bunaítear an gnáthluach ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, gan beann ar cibé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, más rud é:

(a) gurb éard a bhí i gceist le méid díolachán an chineáil táirge arna dhíol ar phraghas díola a bhí comhionann leis an gcostas táirgthe arna ríomh nó níos mó ná sin, breis agus 80 % den mhéid díolachán iomlán i gcás an chineáil táirge sin; agus

(b) go bhfuil meánphraghas díola ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le costas aonaid an táirgthe nó níos mó ná sin.

(71) Má chomhlíontar an dá thástáil sin, is é atá sa ghnáthluach meánphraghsanna ualaithe dhíolacháin intíre uile an chineáil táirge sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(72) Is é atá sa ghnáthluach an praghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge a bhaineann le díolacháin intíre bhrabúsacha na gcineálacha táirgí sin, agus an méid sin amháin, le linn ná tréimhse imscrúdúcháin, más fíor an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil 80 % nó níos lú de mhéid díolachán iomlán an chineáil táirge i gceist le méid díolachán brabúsach an chineáil táirge sin: nó

(b) go bhfuil meánphraghas ualaithe an chineáil táirge sin faoi bhun chostas aonaid an táirgthe.

(73) Léirigh an anailís ar na trí onnmhaireoir a raibh díolacháin intíre acu nár chomhlíon aon chineál táirge na tástálacha díolacháin sa ghnáthchúrsa trádála.

(74) Ós rud é nár díoladh aon chineál táirge den táirge comhchosúil nó nár díoladh cainníochtaí leordhóthanacha de sa ghnáthchúrsa trádála, nó i gcás nár díoladh cainníochtaí ionadaíocha de chineál táirge ar an margadh intíre, ríomh an Coimisiún an gnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (6) den bhun-Rialachán.

(75) Ríomhadh an gnáthluach tríd an méid seo a leanas a chur le meánchostas táirgthe an táirge chomhchosúil de chuid na dtáirgeoirí comhoibríoch sampláilte le linn na tréimhse imscrúdúcháin:

(a) na meánchostais díola, ghinearálta agus riaracháin (‘costais SGA’) ualaithe a thabhaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, sa ghnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdúcháin; agus

(b) an meánbhrabús ualaithe a rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, sa ghnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(76) Maidir le cineálacha táirge nár díoladh i gcainníochtaí ionadaíocha ar an margadh intíre, rinneadh meánchostais SGA agus brabús na n-idirbheart a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála i gcás na gcineálacha sin a chur san áireamh.

(77) Maidir le cineálacha táirge nár díoladh ar chor ar bith ar an margadh intíre, rinneadh meánchostais ualaithe SGA agus brabús na n-idirbheart a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála i gcás na gcineálacha sin a chur san áireamh.

(78) Maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte gan aon díolachán intíre, bhí na costais SGA agus brabús bunaithe ar mheán ualaithe na méideanna a cinneadh le haghaidh na dtrí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte eile faoi réir imscrúdú i ndáil le táirgeacht agus díolacháin an táirge chomhchosúil sa mhargadh intíre, i gcomhréir le hAirteagal 2(6)(a) den bhun-Rialachán.

3.2. **An praghas onnmhairiúcháin**

(79) D’onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chuig an Aontas, bíodh sin go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha nó trí chuideachtaí trádála comhlachaithe atá lonnaithe sa Bhrasaíl.

(80) Ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí le híoc le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.3. **Comparáid**

(81) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chothrom a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus chun lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

(82) Sa chás sin, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear thíos a thuilleadh, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh chun difear a dhéanamh do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.3.1. *Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach*

(83) Níor aimsigh an Coimisiún aon chúis le haon lamháltas a dhéanamh don ghnáthluach, ná níor éiligh aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte lamháltais den sórt sin, toisc gur ríomhadh an gnáthluach trí úsáid a bhaint as costas na monaraíochta móide costais SGA agus brabús.

3.3.2. *Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin*

(84) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar dhleacht chustaim, muirir eile ar allmhairí, lasta, árachas, láimhseáil luchtaithe agus costais choimhdeacha.

(85) Cuireadh san áireamh na tosca seo a leanas a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costas creidmheasa, muirir bhainc agus coimisiúin.

(86) Maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin Nereu, i gcás ina ndearnadh díolacháin trí chuideachta trádála chomhlachaithe sa Bhrasaíl, shuigh an Coimisiún go ndearna an trádálaí comhlachaithe feidhmeanna atá cosúil le feidhmeanna gníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiúin. Bhí an trádálaí ag oibriú i gcomhthráth le roinn díolacháin Nereu agus bhí marcáil suas á fháil aige dá fheidhm. Bhí an trádálaí ag trádáil táirgí eile seachas an táirge lena mbaineann freisin.

(87) Dá bhrí sin, bhí údar le coigeartú bunaithe ar chostais SGA ábhartha agus ar bhrabús faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán. Rinneadh costais SGA na cuideachta comhlachaithe agus brabús 1 %, a fuarthas ó allmhaireoir neamhchomhlachaithe comhoibríoch, a asbhaint.

3.4. **Corrlaigh dhumpála**

(88) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(89) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc, agus tar éis na n-athruithe a bhfuil tuairisc orthu in aithrisí (224) - (227):

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Indústria de Compensados Sudati Ltda Conply Indústria de Compensados Ltda Indústria de Compensados Guararapes Ltda	5,4 %
Nereu Rodrigues & Cia Ltda	0 %

(90) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Ós rud é go raibh meánphraghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte comhoibríocha eile, mar a tuairiscíodh sna freagraí samplála, faoi bhun phraghas onnmhairiúcháin an táirgeora onnmhairiúcháin shampláilte ag a bhfuil corrlach dumpála nialasach, suíodh an corrlach dumpála le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, gan aird a thabhairt ar chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ag a bhfuil corrlaigh dhumpála nialais agus corrlaigh dhumpála *de minimis*, chomh maith le corrlaigh a suíodh sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 18 den bhun-Rialachán.

(91) Ar an mbonn sin, is é 5,4 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(92) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile sa Bhrasaíl, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus an méid onnmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh mar chion de mhéid iomlán na n-allmhairí ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arna suí ar bhonn Eurostat.

(93) Is ard an leibhéal comhoibrithe atá ann sa chás seo ós rud é go raibh thart ar 100 % de mhéid iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist le honnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a shocrú le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta a ndearnadh scrúdú aonair uirthi agus a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici.

(94) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Indústria de Compensados Sudati Ltda Conply Indústria de Compensados Ltda Indústria de Compensados Guararapes Ltda	5,4 %
Nereu Rodrigues & Cia Ltda	0 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile nár sampláladh	5,4 %
Gach allmhaire eile de thionscnamh na Brasaíle	5,4 %

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(95) Rinne 13 tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(96) Suíodh gur thart ar 675 726 m^3 a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, ar nós na sonraí a sholáthair an gearánach agus na táirgeoirí ón Aontas a sampláladh, a shuigh an Coimisiún an figiúr sin. Mar a shonraítear in aithris (35), is ó na trí tháirgeoir shampláilte san Aontas a tháinig 55 % de tháirgeacht iomlán an Aontais i gcás an táirge chomhchosúil.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(97) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn mhéid díolacháin thionscal an Aontais i margadh an Aontais agus allmhairí an táirge lena mbaineann ó gach tír. Ba é an freagra a thug an gearánach ar an macraicheistneoir agus na sonraí oifigiúla ó Eurostat an fhoinse faisnéise.

(98) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 1

Tomhaltas an Aontais

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais (m^3)	1 709 127	1 830 144	1 375 376	1 584 193
Innéacs	*100*	*107*	*80*	*93*

Foinse: freagra ar an macraicheistneoir a sholáthair an gearánach agus Eurostat

(99) Tháinig méadú tosaigh 7 % ar thomhaltas an Aontais in 2022 agus tháinig laghdú suntasach 20 % air ina dhiaidh sin in 2023. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, cé gur tháinig an tomhaltas ar ais ón leibhéal íseal in 2023, níor fhill sé ar leibhéil 2021.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.3.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(100) Shuigh an Coimisiún an méid allmhairí ar bhonn Eurostat. Suíodh sciar margaidh na n-allmhairí ar bhonn an mhéid allmhairí agus thomhaltas iomlán an Aontais.

(101) Chinn an Coimisiún go raibh sonraí saofa sna staitisticí tuairiscithe ar leibhéal an aonaid fhorlíontaigh (m3 sa chás seo). Chun críoch comparáide, chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, an meáchan tuairiscithe (tonaí), tacar sonraí níos iontaofa agus níos cobhsaí, a thiontú go m3. Bhí an tiontú bunaithe ar dhlús na bpainéal, arna ríomh bunaithe ar mheáchan arna roinnt ar an aonad forlíontach. I gcás na Brasaíle, tiontaíodh an meáchan tuairiscithe i dtonaí in m^3 agus úsáid á baint as an meándlús a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte; i gcás na dtíortha eile, úsáideadh an meándlús atá caighdeánach don tionscal.

(102) Mar a thuairiscítear in aithris (91), ní bhfuarthas dumpáil shuntasach ach i gcás táirgeora onnmhairiúcháin shampláilte amháin. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún idirdhealú idir allmhairí dumpáilte agus allmhairí neamhdhumpáilte ón mBrasaíl ina anailís. Tugtar aghaidh thíos ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar staid thionscal an Aontais, agus scrúdaítear tionchar na n-allmhairí neamhdhumpáilte faoi ghnéithe cúisíochta in aithrisí (159) agus (161). Cuirtear allmhairí neamhdhumpáilte i láthair agus déantar anailís orthu i dTábla 11 thíos.

(103) B'ionann méid na n-allmhairí neamhdhumpáilte ó Nereu agus [5–10 %] de na hallmhairí iomlána ón mBrasaíl le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Chun a shuí an bhféadfaí na torthaí maidir leis an gcuideachta sin a leathnú chuig na hallmhairí neamhshampláilte uile, rinne an Coimisiún comparáid idir praghsanna Nereu agus praghsanna ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte. Ar bhonn na faisnéise a tíolacadh sna foirmeacha samplála agus sa fhreagra ar an gceistneoir, bhí meánphraghas onnmhairiúcháin Nereu [5–10 %] níos airde ná meánphraghas onnmhairiúcháin na n-onnmhaireoirí neamhshampláilte de chuid na Brasaíle a chuir freagraí samplála isteach. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach bhféadfadh sé na torthaí nach raibh dumpáil ann maidir le Nereu a leathnú chuig na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte.

(104) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí dumpáilte isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 2

Cainníocht na n-allmhairí dumpáilte agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht na n-allmhairí ón mBrasaíl (m^3)	[500 000 – 600 000]	[650 000 – 800 000]	[550 000 – 700 000]	[650 000 – 800 000]
Innéacs	*100*	*132*	*118*	*130*
An sciar den mhargadh (%)	[30 – 35]	[35 – 40]	[45 – 50]	[45 – 50]

Foinse: Eurostat

(105) Léiríonn na sonraí treocht shuntasach aníos i gcainníocht na n-allmhairí dumpáilte ón mBrasaíl agus a sciar comhfhreagrach den mhargadh le linn na tréimhse ó 2021 le linn na tréimhse imscrúdúcháin. In 2021, bhí [500 000-600 000] m^3 i gceist le hallmhairí dumpáilte ón mBrasaíl agus sciar [30-35] % den mhargadh acu. Faoi 2022, tháinig méadú ar an gcainníocht allmhairí dumpáilte go [650 000-800 000] m^3, rud a léiríonn ardú suntasach 32 % ón mbliain roimhe sin; arna léiriú i sciar níos airde den mhargadh de [35-40] %. Cé gur tháinig laghdú 14 % ar chainníocht na n-allmhairí dumpáilte ón mBrasaíl in 2023, i.e. bliain inar tháinig laghdú suntasach ar thomhaltas an Aontais, lean an sciar de mhargadh na Brasaíle de bheith ag méadú go suntasach go [45-50] %. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, shroich allmhairí dumpáilte a mbuaicphointe, le méadú 30 % ó 2021, agus tháinig laghdú beag dhá phointe céatadáin ar an sciar den mhargadh.

4.4. Praghsanna na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais

(106) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí dumpáilte ar bhonn sonraí ó Eurostat. Suíodh sladghearradh phraghais na n-allmhairí ar bhonn freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí onnmhairithe sampláilte agus ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(107) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí dumpáilte isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/m^3)

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An Bhrasaíl	339	443	311	302
Innéacs	*100*	*131*	*92*	*89*

Foinse: Eurostat

(108) Léiríonn na sonraí maidir le praghsanna allmhairiúcháin dumpáilte ón mBrasaíl treocht luaineach thar an tréimhse ó 2021 le linn na tréimhse imscrúdúcháin. In 2022, bhí méadú suntasach ann, agus tháinig ardú ar phraghsanna go EUR 443/m^3, rud a léiríonn borradh 31 %. Mar sin féin, tháinig laghdú substaintiúil ina dhiaidh sin in 2023, agus thit praghsanna go EUR 311/m^3, i.e. laghdú 39 % i ndáil leis an mbliain roimhe sin. Ag leanúint den treocht anuas sin, tháinig laghdú breise ar na praghsanna go EUR 302/m^3 le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a léiríonn laghdú foriomlán 11 % ó leibhéil 2021.

(109) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(1) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha; agus

(2) na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge i gcás na n-allmhairí ó tháirgeoirí sampláilte na Brasaíle arna ngearradh ar an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn chostais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí de réir dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin.

(110) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, arna coigeartú go cuí nuair ba ghá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh sé go raibh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe 31,8 % i gceist leis na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar mhargadh an Aontais.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(111) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(112) Mar a luaitear in aithris (14), baineadh úsáid as sampláil chun a chinneadh ar bhain aon díobháil do thionscal an Aontais.

(113) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí fíoraithe a bhí sa fhreagra ar an macraicheistneoir a chuir an gearánach isteach. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(114) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.

(115) Is iad seo na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(116) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 4

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht táirgeachta (m^3)	888 286	851 718	607 714	675 726
Innéacs	*100*	*96*	*68*	*76*

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Acmhainneacht táirgeachta (m^3)	1 106 000	1 110 000	1 113 000	1 113 000
Innéacs	*100*	*100*	*101*	*101*
Úsáid acmhainneachta (%)	80	77	55	61
Innéacs	*100*	*96*	*68*	*76*

Foinse: freagra fíoraithe an ghearánaigh ar an macraicheistneoir

(117) Léirigh cainníochtaí táirgeachta tháirgeoirí an Aontais treocht laghdaitheach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, le héagsúlachtaí beaga. In 2021, ba é 888 286 m^3 an chainníocht táirgeachta. In 2022, tháinig laghdú 4 % go 851 718 m^3 ar an táirgeadh. Lean an laghdú ar aghaidh go 2023, nuair a tháinig laghdú breise 28 % go 607 714 m^3 ar tháirgeadh i ndáil leis an mbliain roimhe sin. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí téarnamh beag ann, agus tháinig méadú ar an táirgeacht go 675 726 m^3. Le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú, tháinig laghdú foriomlán 24 % air.

(118) D'fhan an acmhainneacht táirgeachta cobhsaí le méadú foriomlán 1 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(119) Léirigh an úsáid acmhainneachta na hathruithe ar threochtaí maidir le cainníochtaí táirgeachta. In 2022, tháinig laghdú beag 4 % ar úsáid acmhainneachta i gcomparáid le 2021. Tharla an laghdú is substaintiúla in 2023, agus tháinig laghdú 28 % ar a n-úsáid i ndáil leis an mbliain roimhe sin. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí téarnamh measartha 8 % ann ó thaobh úsáide de. Ar an iomlán, shroich an laghdú ar úsáid acmhainneachta don tréimhse faoi bhreathnú 24 %.

4.5.2.2. An chainníocht díolachán agus an sciar den mhargadh

(120) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid díolachán ar mhargadh an Aontais (m^3)	756 724	648 176	503 231	572 942
Innéacs	*100*	*86*	*67*	*76*
An sciar den mhargadh (%)	44	35	37	36

Foinse: freagra fíoraithe an ghearánaigh ar an macraicheistneoir

(121) Léiríonn na treochtaí i gcainníocht iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais laghdú ginearálta ó 2021 le linn na tréimhse imscrúdúcháin, le roinnt luaineachtaí. In 2021, ba é 756 724 m^3 cainníocht na ndíolachán. Faoi 2022, thit díolacháin go 648 176 m^3, ag leanúint den treocht anuas go 2023, nuair a tháinig laghdú breise ar dhíolacháin go 503 231 m^3, arb ionann é agus laghdú 19 % ón mbliain roimhe sin. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, áfach, bhí téarnamh beag ann, agus tháinig méadú 9 % ar dhíolacháin go 572 942 m^3.

(122) I dtéarmaí an sciar den mhargadh, bhí 44 % ag táirgeoirí an Aontais in 2021. Tháinig laghdú ar an sciar sin go 35 % in 2022, rud a léiríonn laghdú suntasach ar a láithreacht sa mhargadh. Cé go raibh an margadh foriomlán ag laghdú, mar gheall ar fhorbairt na gníomhaíochta tógála, chonacthas téarnamh beag ar sciar den mhargadh in 2023, a d'ardaigh go 37 %. Mar sin féin, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú beag ar an sciar den mhargadh arís, a thit beagán go 36 %.

4.5.2.3. Fás

(123) I gcomhthéacs tomhaltas a bheith ag laghdú, ní hamháin gur chaill tionscal an Aontais méideanna díolachán san Aontas ach chaill sé sciar den mhargadh freisin, contrártha d'allmhairí na Brasaíle a fuair dearbhmhéid díolachán agus sciar den mhargadh san Aontas. Dá réir sin, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ní raibh aon fhás ar thionscal an Aontais.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(124) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon fostaithe	1 866	1 807	1 570	1 582
Innéacs	*100*	*97*	*84*	*85*
Táirgiúlacht (m3/coibhéis lánaimseartha)	476	471	387	427
Innéacs	*100*	*99*	*81*	*90*

Foinse: freagra fíoraithe an ghearánaigh ar an macraicheistneoir

(125) Idir 2021 agus an tréimhse imscrúdúcháin, bhí treocht shuntasach anuas ann ó thaobh fostaíochta de i measc tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Tháinig laghdú ar an líon fostaithe ó 1 866 in 2021 go 1 582 le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a léiríonn laghdú beagnach 15 %. Tugann an treocht sin le fios go soiléir go raibh dúshláin roimh an earnáil a d'fhág gur ghá an lucht saothair a laghdú.

(126) In éineacht leis an laghdú ar an bhfostaíocht, bhí éagsúlacht freisin sa táirgiúlacht, arna tomhas le m^3 in aghaidh na coibhéise lánaimseartha, le linn na tréimhse ó 2021 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin. In 2022, d'fhan an táirgiúlacht réasúnta cobhsaí, agus níor tháinig ach laghdú beag 1 % uirthi. Mar sin féin, bhí laghdú níos suntasaí ann faoi 2023, agus tháinig laghdú 18 % ar an táirgiúlacht. Tháinig an treocht sin ar ais beagán le linn na tréimhse imscrúdúcháin, de réir mar a tháinig méadú 9 % ar an táirgiúlacht. Ar an iomlán, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 10 % ar tháirgiúlacht thionscal an Aontais.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(127) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil de minimis. Ní diomaibhseach an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(128) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag dumpáil san am atá thart.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(129) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Praghsanna díola san Aontas

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/m³)	449	622	575	508
Innéacs	*100*	*139*	*128*	*113*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/m³)	419	511	571	556
Innéacs	*100*	*122*	*136*	*133*

Foinse: freagra fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(130) Bhí luaineachtaí suntasacha i meánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. In 2021, ba é EUR 449/m³ an meánphraghas díola. In 2022, tháinig méadú suntasach 39 % ar phraghsanna go EUR 622/m³. In 2023, áfach, tháinig laghdú 11 % ar an meánphraghas díola ón mbliain roimhe sin go EUR 575/m³. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, lean praghsanna de bheith ag laghdú go EUR 508/m³.

(131) Tháinig athruithe freisin ar chostas aonaid an táirgthe le haghaidh tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse, rud a bhí an-chosúil le treochtaí i bpraghsanna díola. In 2021, ba é EUR 419/m³ an costas aonaid. In 2022, tháinig méadú 22 % ar an gcostas aonaid go EUR 511/m³. D'ainneoin costais a bheith ag méadú, bhí tionscal an Aontais in ann na costais sin a fhritháireamh go ginearálta trína bpraghsanna díola a mhéadú. In 2023, tháinig méadú breise ar chostais aonaid go EUR 571/m³, rud a léiríonn méadú 14 % i ndáil leis an mbliain roimhe sin. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú beag ar chostais go EUR 556/m³. In 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin, ní raibh tionscal an Aontais in ann na costais mhéadaithe a chumhdach a thuilleadh trína bpraghsanna díola a mhéadú, rud a léirigh go raibh sochtadh praghsanna ann. Ba é 33 % an méadú foriomlán le haghaidh na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.3.2. Costais saothair

(132) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	41 757	44 521	45 724	49 079
Innéacs	*100*	*107*	*110*	*118*

Foinse: freagra fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(133) Léirigh na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí do tháirgeoirí sampláilte an Aontais treocht in airde chomhsheasmhach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. In 2021, ba é EUR 41 757 an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí. Faoi 2022, d'ardaigh na costais sin go EUR 44 521, rud a léiríonn méadú 7 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Lean an treocht aníos ar aghaidh in 2023, agus d'ardaigh na costais go EUR 45 724. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú breise ar chostais saothair go EUR 49 079, rud a léiríonn méadú foriomlán 18 % ó 2021.

4.5.3.3. Fardail

(134) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Stoic

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoc dheiridh (m3)	45 684	84 878	68 699	62 180
Innéacs	*100*	*186*	*150*	*136*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	10	18	21	16

Foinse: freagra fioraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(135) Léiríonn na treochtaí i leibhéil na stoc deiridh méadú suntasach agus laghdú de réir a chéile ina dhiaidh sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. In 2021, ba é 45 684 m^3 an stoc deiridh. Faoi 2022, bhí méadú suntasach tagtha ar leibhéal an stoic go 84 878 m^3, i.e. méadú 86 %. In 2023, tháinig laghdú ar na leibhéil stoic go 68 699 m^3, rud a léiríonn laghdú de réir a chéile ón mbliain roimhe sin ach atá fós i bhfad os cionn leibhéil 2021. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, lean na stoic de bheith ag laghdú, toisc go raibh tionscal an Aontais in ann díolacháin a mhéadú le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ag sroicheadh 62 180 m^3; lena léirítear méadú foriomlán 36 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(136) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	15	25	9	2
Sreabhadh airgid (EUR)	46 114 328	56 315 204	35 911 903	19 351 190
Innéacs	*100*	*122*	*78*	*42*

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Infheistíochtaí (EUR)	5 432 018	3 301 570	9 092 561	4 787 861
Innéacs	*100*	*61*	*167*	*88*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	54	111	37	13
Innéacs	*100*	*205*	*68*	*24*

Foinse: freagra fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(137) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Bhí luaineachtaí i mbrabúsacht dhíolacháin tháirgeoirí an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe laistigh den Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ag tosú ag 15 % de láimhdeachas díolachán in 2021, tháinig méadú géar ar an mbrabúsacht go 25 % in 2022, rud a léiríonn feidhmíocht láidir le linn na bliana sin. Mar sin féin, ní raibh an bhuaic sin marthanach, toisc gur thit an bhrabúsacht go mór go 9 % in 2023 agus gur tháinig laghdú breise uirthi go 2 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a thugann le fios go raibh dúshláin ann maidir le corrlaigh bhrabúis a choinneáil ar bun.

(138) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Léirigh treocht an tsreafa airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú laghdú tar éis ardú tosaigh in 2022. In 2021, b'fhiú EUR 46 114 328 an sreabhadh airgid. Feabhsaíodh an figiúr sin go EUR 56 315 204 in 2022, rud a léiríonn méadú 22 %. In 2023, tháinig laghdú suntasach 44 % go EUR 35 911 903 ar an sreabhadh airgid. Lean an treocht ag ísliú le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus thit an sreabhadh airgid go EUR 19 351 190. Shroich an laghdú foriomlán ar an sreabhadh airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú 58 %, rud a léiríonn go bhfuil leachtacht airgeadais ag dul in olcas.

(139) Léirigh leibhéil infheistíochta inathraitheacht nach beag le linn na tréimhse. In 2021, b'fhiú EUR 5 432 018 na hinfheistíochtaí. Tháinig laghdú géar orthu in 2022 go EUR 3 301 570, rud a léiríonn laghdú 39 %. Os a choinne sin, tháinig méadú suntasach ar infheistíochtaí in 2023 go EUR 9 092 561, i.e. méadú 106 % i ndáil leis an mbliain roimhe sin. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, áfach, thit infheistíochtaí go EUR 4 787 861, rud a léiríonn laghdú foriomlán 12 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus a léiríonn cur chuige infheistíochta níos faichillí.

(140) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Lean sé sin treocht laghdaitheach tar éis borradh tosaigh. Thosaigh sé ag 54 % in 2021, ag ardú go 111 % in 2022, rud a thugann le fios go bhfuil éifeachtúlacht eisceachtúil ann maidir le torthaí a ghiniúint le linn na bliana sin. In 2023, áfach, tháinig laghdú substaintiúil ar an toradh ar infheistíochtaí go 37 %. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú breise ar an toradh go 13 %, agus an t-innéacs ag 24, rud a léirigh torthaí laghdaitheacha ar na hinfheistíochtaí a rinneadh agus a léiríonn na dúshláin a bhí roimh tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse sin.

(141) I bhfianaise na titime ollmhóire ar bhrabúsacht, ar shreabhadh airgid glan agus ar thoradh ar infheistíochtaí, rinneadh difear mór do chumas tháirgeoirí sampláilte an Aontais caipiteal a ardú.

4.6. **Conclúid maidir le díobháil**

(142) Léirigh na príomh-mhacratháscairí treocht dhiúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 24 % ar mhéid táirgeachta thionscal an Aontais agus tháinig laghdú 24 % freisin ar mhéid a dhíolacháin. Chaill tionscal an Aontais sciar den mhargadh freisin, a thit ó 44 % in 2021 go 36 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Os a choinne sin, tháinig méadú 30 % ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte ón mBrasaíl chuig an Aontas le linn na tréimhse céanna; agus mhéadaigh a sciar den mhargadh ó [30 – 35] % in 2021 go [45 – 50] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Baineadh é sin amach d'ainneoin laghdú 7 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(143) Tháinig laghdú suntasach ar bhrabúsacht thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ag laghdú ó thart ar 15 % in 2021 go 2 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a léiríonn treocht neamh-inbhuanaithe a thugann le fios go bhfuil sochtadh praghsanna ann. Tugadh treocht laghdaitheach chomhchosúil faoi deara maidir le táirgiúlacht thionscal an Aontais (laghdú 10 %), maidir lena fhostaíocht (laghdú 15 %), maidir le hinfheistíochtaí (laghdú 12 %), maidir leis an toradh ar infheistíocht agus maidir leis an sreabhadh airgid, ar tháinig laghdú orthu ar fad le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(144) Ní raibh tionscal an Aontais in ann na méideanna díolachán a cailleadh i margadh an Aontais a chúiteamh trí onnmhairí méadaithe, ós rud é nach raibh sna honnmhairí ach thart ar 15 % de tháirgeacht iomlán an tionscail agus go raibh siad ag laghdú de réir a chéile, mar a leagtar amach i Roinn 5.4 thíos.

(145) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. **CÚISÍOCHT**

(146) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. Aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, d'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh an díobháil sin síos do na hallmhairí dumpáilte. Seo a leanas na tosca sin: na hallmhairí neamhdhumpáilte ón mBrasaíl, na hallmhairí ó thíortha seachas an Bhrasaíl, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, laghdú ar thomhaltas agus méadú ar chostas.

(147) Mhaígh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid agus Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil gur theip ar an anailís sa ghearán nasc cúisíoch soiléir a bhunú idir allmhairí na Brasaíle agus an díobháil airbheartaithe.

(148) Go háirithe, d'áitigh Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil nár tháinig aon mhéadú ar allmhairí na Brasaíle i ndearbhmhéideanna. Chuir sé i dtábhacht go bhfuil dearbhú an ghearánaigh maidir le méaduithe coibhneasta bunaithe ar bhonn lochtach de thomhaltas laghdaithe le linn a thréimhse imscrúdúcháin, rud a fhágann go bhfuil sé neamhiontaofa. Thairis sin, mhaígh Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil, ós rud é nach bhfuil táirgí sraithadhmaid bogadhmaid na Brasaíle a allmhairítear in iomaíocht sna deighleoga margaidh céanna le táirgí sraithadhmaid bogadhmaid an Aontais, nach bhféadfadh aon díobháil a bheith déanta do tháirgeoirí an Aontais mar gheall ar allmhairí na Brasaíle. Bhí Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil den tuairim freisin gur cheart na laghduithe ar mhéideanna allmhairí agus ar phraghsanna ón mBrasaíl a léirmhíniú mar laghdú atá ag saothrú na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim. D'áitigh sé nár mhaígh tionscal an Aontais riamh gur bhain díobháil dó roimh 2022, agus go raibh praghsanna allmhairiúcháin iarphaindéime ón mBrasaíl níos airde ná na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim. Ar deireadh, d'ainmnigh Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil roinnt tosca eile a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le haon díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Áirítear orthu sin costais mhéadaitheacha mar gheall ar rátaí úis, lasta agus malairte méadaithe, chomh maith le tionchar chogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine, costais chomhlíontachta rialála, agus iomaíocht ó tháirgí adhmaid eile.

(149) D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid gur tháinig méadú i bhfad níos mó ar mhéid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile ná méid na n-allmhairí ón mBrasaíl. Áitíonn sé gur cheart na hallmhairí tríú tír sin a mheas san anailís chúisíochta, ós rud é go gcuireann na hallmhairí sin brú ar phraghsanna margaidh freisin agus go ndéanann siad difear d'fheidhmíocht thionscal an Aontais. D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid freisin go ndéantar cuma na díobhála a bhoilsciú go míchruinn trí úsáid a bhaint as tréimhsí neamhthipiciúla amhail an téarnamh iarphaindéime in 2021 le haghaidh chinneadh na díobhála.

(150) Tugtar aghaidh ar na hargóintí sin thíos.

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(151) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu a raibh nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 30 % ar allmhairí an táirge dumpáilte ón mBrasaíl, fiú nuair a tháinig laghdú 7 % ar thomhaltas an Aontais. Bréagnaíonn an toradh sin an líomhain a rinne Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil nár mhéadaigh allmhairí na Brasaíle i ndearbhmhéideanna.

(152) Thairis sin, leis an laghdú 11 % ar phraghsanna allmhairí na Brasaíle, mar aon le hardú 33 % ar chostais táirgthe do thionscal an Aontais le linn an ama chéanna, cuireadh ar chumas allmhairí na Brasaíle 13 % breise den sciar den mhargadh a ghabháil. Bhí an t-athrú sin chun dochair do thionscal an Aontais, a raibh laghdú suntasach 24 % ar mhéid na ndíolachán agus laghdú 8 bpointe céatadáin ar a sciar den mhargadh. Dá bhrí sin, thit brabúsacht thionscal an Aontais go leibhéil neamh-inbhuanaithe, ag feidhmiú le brabús 2 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(153) Ós rud é go raibh bearna nach beag den sórt sin idir meánphraghas an táirge allmhairithe dhumpáilte ón mBrasaíl agus meánphraghas an táirge chomhchosúil i dtionscal an Aontais (EUR 302/m3 i gcomparáid le EUR 508/m3), cuireadh cosc ar thionscal an Aontais a phraghsanna a mhéadú i bhfianaise chostais mhéadaithe an táirgthe agus, ar an gcaoi sin, a bhrabúsacht a choinneáil ar bun.

(154) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid shealadach go ndearna allmhairí dumpáilte sraithadhmaid bogadhmaid ón mBrasaíl díobháil ábhartha do thionscal an Aontais i dtéarmaí praghais agus méid.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

(155) Scrúdaigh an Coimisiún an raibh tionchar ag tosca díobhála seachas na hallmhairí dumpáilte ón mBrasaíl ar staid thionscal an Aontais.

5.2.1. *Allmhairí neamhdhumpáilte ón mBrasaíl*

(156) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid na n-allmhairí neamhdhumpáilte ón mBrasaíl le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Allmhairí neamhdhumpáilte ón mBrasaíl

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht (m^3)	[12 000 – 16 000]	[20 000 – 24 000]	[20 000 – 24 000]	[45 000 – 55 000]
Innéacs	*100*	*154*	*157*	*371*
An sciar den mhargadh (%)	[0-2]	[0-2]	[0-2]	[1-3]
Meánphraghas (EUR/m^3)	[250 – 300]	[250 – 300]	[230 – 280]	[280 – 320]
Innéacs	*100*	*100*	*85*	*101*

Foinse: freagra fíoraithe ar cheistneoirí ón táirgeoir onnmhairiúcháin

(157) Bhí méid na n-allmhairí agus praghsanna allmhairí neamhdhumpáilte na Brasaíle bunaithe ar an bhfreagra fíoraithe ar an gceistneoir ón táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte nach bhfuarthas aon dumpáil ina leith.

(158) Tháinig méadú seasta ar chainníocht na n-allmhairí neamhdhumpáilte ón mBrasaíl le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus é ag sroicheadh [45 000-55 000] m^3 le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí neamhdhumpáilte ón mBrasaíl ó [0-2] % in 2021 go [1-3] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, d'fhan na leibhéil allmhairiúcháin agus sciar den mhargadh na n-allmhairí neamhdhumpáilte faoi bhun mhéid na n-allmhairí dumpáilte ón mBrasaíl den chuid is mó le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nár mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte na Brasaíle agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

5.2.2. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(159) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
an tSile	Cainníocht (m^3)	130 303	180 686	119 707	147 997
	Innéacs	*100*	*139*	*92*	*114*
	An sciar den mhargadh (%)	8	10	9	9
	Meánphraghas (EUR/m^3)	493	665	580	509
	Innéacs	*100*	*135*	*118*	*103*
an tSín	Cainníocht (m^3)	43 191	67 247	37 517	49 692
	Innéacs	*100*	*156*	*87*	*115*
	An sciar den mhargadh (%)	3	4	3	3
	Meánphraghas (EUR/m^3)	443	569	422	413
	Innéacs	*100*	*128*	*95*	*93*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an Bhrasaíl	Cainníocht (m^3)	216 879	190 486	48 479	46 181
	Innéacs	*100*	*88*	*22*	*21*
	An sciar den mhargadh (%)	13	10	4	3
	Meánphraghas (EUR/m^3)	458	524	621	538
	Innéacs	*100*	*114*	*135*	*117*

Foinse: Eurostat

(160) Ba ó dhá thír den chuid is mó a tháinig allmhairí ó thríú tíortha eile, an tSile agus an tSín. Bhí sciar 12 % den mhargadh ag an dá thír sin le chéile le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus bhí 3 % ag allmhairí na dtríú tíortha eile go léir le linn na tréimhse céanna.

(161) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, léirigh allmhairí na Sile chuig an Aontas inathraitheacht ó thaobh méid de. In 2022, tháinig méadú 39 % ar na hallmhairí i gcomparáid le 2021 agus tháinig méadú 10 % ar sciar na Sile den mhargadh ó 8 % in 2021. In 2023, áfach, tháinig laghdú 47 % ar allmhairí agus laghdaíodh an sciar den mhargadh go 9 %. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú ar na hallmhairí arís agus d'fhan an sciar den mhargadh mar an gcéanna. Ar an iomlán, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 14 % ar chainníocht iomlán allmhairí na Sile agus méadú 1 % ar an sciar den mhargadh. Tháinig méadú 3 % ar mheánphraghas na n-allmhairí, ó EUR 493/m³ in 2021 go EUR 509/m³ le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(162) Lean allmhairí na Síne treocht chomhchosúil. Tháinig méadú 56 % ar chainníochtaí allmhairí in 2022 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. In 2023, tháinig laghdú suntasach ar an méid faoi bhun leibhéil 2021, agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú air arís os cionn leibhéil 2021. Tháinig méadú 15 % ar chainníochtaí foriomlána na n-allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Thosaigh sciar na Síne den mhargadh ag 3 % in 2021, mhéadaigh sé go 4 % in 2022, agus shocraigh sé ag 3 % in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin araon. Tháinig laghdú ar mheánphraghas allmhairí na Síne le himeacht ama ó EUR 443/m³ in 2021 go EUR 413/m³ le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(163) Tháinig laghdú suntasach ar mhéid iomlán na n-allmhairí ó gach tríú tír eile, gan an Bhrasaíl a áireamh, i.e. laghdú 79 %, le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú suntasach ar an sciar den mhargadh freisin ó 13 % go 3 % sa tréimhse chéanna. Tháinig méadú 17 % ar an meánphraghas le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(164) Cé gur tháinig méadú ar na cainníochtaí allmhairí ón tSile agus ón tSín, chomh maith lena sciartha den mhargadh, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ós rud é gur tháinig laghdú suntasach ar allmhairí ó thríú tíortha eile, tugtar le fios gur tháinig laghdú iarbhír ar allmhairí carnacha ó gach tríú tír eile, seachas an Bhrasaíl. Tá an treocht sin i gcodarsnacht ghéar le cainníochtaí allmhairí na Brasaíle, ar tháinig méadú 32 % orthu le linn na tréimhse céanna, agus tháinig méadú 14 phointe céatadáin ar a sciar den mhargadh. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí praghsanna allmhairiúcháin ón tSile agus ón tSín i bhfad níos airde ná praghsanna na n-allmhairí dumpáilte ón mBrasaíl, le linn na tréimhse imscrúdúcháin bhí praghsanna allmhairiúcháin ón tSile 71 % ní b'airde agus bhí siad 39 % ní b'airde ón tSín.

(165) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh iad allmhairí ó thríú tíortha eile an fhoinse díobhála a thuairiscítear thuas.

5.2.3. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(166) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Feidhmíocht onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (m3)	155 869	142 630	106 345	100 172
Innéacs	*100*	*92*	*68*	*64*
Meánphraghas (EUR/m3)	500	687	657	601
Innéacs	*100*	*137*	*131*	*120*

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(167) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú suntasach 36 % ar onnmhairí thionscal an Aontais. Tá an treocht sin ag teacht leis an treocht dhiúltach a tugadh faoi deara i réimsí eile de thionscal an Aontais. Tháinig méadú 20 % ar mheánphraghas onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais freisin le linn na tréimhse céanna. Tugann an t-ardú sin ar phraghsanna onnmhairiúcháin le fios, cé gur tháinig laghdú ar mhéid na n-onnmhairí, gur tháinig méadú ar luach na n-onnmhairí, rud a d'fhéadfadh roinnt de thionchar an mhéid laghdaithe a fhritháireamh.

(168) Mar sin féin, tá díolacháin onnmhairiúcháin thionscal an Aontais comhdhéanta de sciar teoranta de dhíolacháin fhoriomlána thionscal an Aontais, rud a thugann le tuiscint, cé go bhféadfadh sé gur chuir an laghdú ar onnmhairí beagán leis na dúshláin atá roimh an tionscal, nach dócha go mbeadh tionchar suntasach aige ar na treochtaí níos leithne a dhéanann difear don tionscal. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh tionchar foriomlán na n-onnmhairí laghdaithe ar dhíobháil thionscal an Aontais in ann an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón mBrasaíl agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais a mhaolú.

5.2.4. *Laghdú ar thomhaltas an Aontais*

(169) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 7 % ar thomhaltas an Aontais. Tharla an laghdú mar gheall ar roinnt tosca idirnasctha: tháinig fás ní ba mhoille ar gheilleagar an Aontais in 2023 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (tháinig fás 0,4 % ar OTI an Aontais in 2023 vs. 3,5 % in 2022). Rinne an sleabhcadh sin difear d'earnálacha éagsúla, lena n-áirítear an tógáil agus an mhonaraíocht, ar tomhaltóirí móra iad de shraithadhmad bogadhmaid. Chuir praghsanna arda fuinnimh agus éiginnteacht sa mhargadh fuinnimh freisin le haschur tionsclaíoch laghdaithe agus le héileamh laghdaithe ar fud na n-earnálacha.

(170) Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún scrúdú le fáil amach an bhféadfadh an laghdú sin ar thomhaltas an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais a chaolú. Mar a léirítear i dTábla 2 thuas, áfach, in ainneoin an laghdaithe ar thomhaltas an Aontais, tháinig méadú seasta ar dhíolacháin onnmhairí ón mBrasaíl le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus méadú 30 % san iomlán. As sin tháinig méadú ó [30 – 35] % go [45 – 50] % ar sciar an mhargaidh, i.e. 13 phointe céatadáin. Ag an am céanna, agus mar a leagtar amach in aithris (109), bhí praghsanna allmhairiúcháin na Brasaíle ag déanamh sladghearradh 31,8 % ar an meán ar phraghsanna díola thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais. Mar a léirítear i dTábla 5, tháinig laghdú 24 % ar dhíolacháin thionscal an Aontais agus tháinig laghdú 8 bpointe céatadáin ar an sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún nárbh é an laghdú ar thomhaltas ba chúis leis an díobháil ábhartha a rinneadh do thionscal an Aontais.

5.2.5. *Costas táirgthe méadaithe*

Costas méadaithe amhábhar

(171) Thug Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil dá aire gurb é is cúis leis an díobháil líomhnaithe a bhain do thionscal an Aontais 'méadú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar phraghsanna amhábhar' agus nár cheart í a chur i leith na n-allmhairí ón mBrasaíl.

(172) D'fhíoraigh an Coimisiún gur tháinig méadú foriomlán ar chostas na n-amhábhar le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(173) Chinn an Coimisiún, faoi ghnáth-dhálaí an mhargaidh, go mbeadh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna díola a ardú chun an méadú ar chostas na n-amhábhar a chur san áireamh agus na costais sin a chur ar aghaidh chuig a chustaiméirí. Mar sin féin, cé gur ardaigh táirgeoirí an Aontais a bpraghsanna, ní raibh siad in ann é sin a dhéanamh go leordhóthanach chun na méaduithe ar chostais táirgthe a chumhdach mar gheall ar insreabhadh mór isteach allmhairí na Brasaíle ar phraghsanna a bhí íseal go héagórach.

(174) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh agus tháinig sé ar an gconclúid shealadach nár mhaolaigh costas méadaithe amhábhar an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón mBrasaíl agus an díobháil ábhartha a bhain do tháirgeoirí an Aontais.

Costas méadaithe fuinnimh

(175) Mhaígh Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil gur chuir costais fuinnimh a bhí ag ardú mar gheall ar chogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine go mór leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Dhearbhaigh sé go raibh na costais fuinnimh ardaithe sin, seachas an iomaíocht ó allmhairí na Brasaíle, freagrach go príomha as an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(176) Chinn an Coimisiún go raibh tionchar ag na costais fuinnimh a bhí ag dul i méid ar chostais táirgthe tháirgeoirí an Aontais a bhí ag dul i méid. Mar sin féin, ní raibh an tionchar sin cinntitheach. Ghin táirgeoirí an Aontais a bhfuinneamh féin go pointe áirithe, a bhreoslaítear le bithmhais (sliseanna, coirt, min sáibh, veinírí lochtacha). Thairis sin, bhí cuid de tháirgeoirí an Aontais tar éis a gcostais leictreachais sheachtracha a fhálú le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin. Mar thoradh air sin, ní raibh sa mhéadú ar chostais fuinnimh ach mionmhéadú ar chostais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar thoradh air sin, bhí tionscal an Aontais cosanta go réasúnta maith ar an ngéarchéim fuinnimh. Ina theannta sin, bhí níos lú ná 11 % den chostas táirgthe i gceist leis na costais fuinnimh. Ar deireadh, faoi iomaíocht chóir, bheadh tionscal an Aontais in ann an méadú measartha sin ar chostas táirgthe a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí, rud nach raibh siad in ann a dhéanamh mar gheall ar an sochtadh praghsanna mar gheall ar allmhairí na Brasaíle.

(177) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh agus tháinig sé ar an gconclúid shealadach nár mhaolaigh costas méadaithe amhábhar an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón mBrasaíl agus an díobháil ábhartha a bhain do tháirgeoirí an Aontais.

Costas lasta méadaithe

(178) Dhearbhaigh Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil go ndearna costais lasta a bhí ag ardú dochar do tháirgeoirí an Aontais, rud a chuir lena ndeacrachtaí airgeadais. Mar sin féin, shuigh an Coimisiún go bhfaigheann tionscal an Aontais a amhábhair go háitiúil, agus mar gheall ar a chóngaraí atá a bpríomh-bhonn tomhaltóirí laistigh den Aontas agus den Ríocht Aontaithe, tá na costais iompair dá dtáirgí críochnaithe fós íseal. Dá bhrí sin, ní féidir aon mhéadú ar phraghsanna lasta a mheas mar thoisc a chuireann leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Dá dheasca sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin.

Luaineachtaí neamhfhabhracha ar rátaí malairte

(179) D'áitigh Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil go raibh tionchar suntasach ag luaineachtaí i rátaí malairte ar iomaíochas agus ar bhrabúsacht tháirgeoirí an Aontais. D'áitigh sé gur ardaigh gluaiseachtaí neamhfhabhracha i rátaí malairte costas coibhneasta na n-earraí a tháirgtear san Aontas i gcomparáid le hallmhairí, rud a dhéanann difear díreach do dhea-bhail airgeadais thionscal an Aontais. Tharraing Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil aird ar chásanna ina ndearna dímheas an Euro in aghaidh mórairgeadraí earraí níos inacmhainne ná roghanna malartacha a táirgeadh ar bhonn intíre d'earraí allmhairithe, lena n-áirítear earraí ón mBrasaíl.

(180) Fuair gach táirgeoir sampláilte de chuid an Aontais a lomáin go háitiúil. Níor aimsigh an Coimisiún tionchar tábhachtach na n-athruithe ar an ráta malairte ar an méid sin ná ar aon mhórthoisc chostais eile. Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint sin dá bhrí sin.

5.2.6. *Costas díola méadaithe*

(181) D'áitigh Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil go bhfuil na deimhnithe riachtanacha chun sraithadhmad bogadhmaid a dhíol níos costasaí san Aontas ná mar atá sa Bhrasaíl mar gheall ar éileamh níos ísle agus maorlathas trom.

(182) Níor thug Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil bunús leis an líomhain sin. Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint sin dá bhrí sin.

5.2.7. *Coinníollacha díolacháin níos fearr*

(183) D'áitigh Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil go mbeadh tionchar ag seirbhís iardhíola níos fearr agus seachadtaí níos tapúla freisin ar chinntí custaiméara sraithadhmad bogadhmaid na Brasaíle a cheannach ná mar a bheadh i gcomparáid le táirgeoirí an Aontais. Thairis sin, bhainfeadh táirgeoirí an Aontais leas as éileamh atá ag dul i méid in 2022 agus mhéadódh siad a bpraghsanna go heaspónantúil.

(184) Níor thug Comhlachas na Brasaíle um Adhmad arna Phróiseáil go Meicniúil bunús leis an maíomh maidir le seirbhís iardhíola níos fearr agus seachadtaí níos tapúla. Thairis sin, níl aon fhianaise ann gurbh fhearr le custaiméirí sraithadhmad bogadhmaid na Brasaíle mar gheall ar phraghsanna arda a ghearrann táirgeoirí an Aontais in 2022. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(185) Léirigh an anailís díobhála gur tháinig méadú 30 % ar allmhairí dumpáilte ón mBrasaíl le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'ainneoin laghdú ar thomhaltas an Aontais. Ina theannta sin, tháinig laghdú 11 % ar phraghas na n-allmhairí dumpáilte ón mBrasaíl agus tháinig méadú 33 % ar chostais táirgthe an Aontais, rud a d'fhág gur ghnóthaigh allmhairí ón mBrasaíl sciar margaidh breise 13 % chun dochar do thionscal an Aontais ar bhain laghdú 20 % ar mhéid díolachán agus caillteanais sciar margaidh 7 % dó. D'fhág sé sin gur thit brabúsacht thionscal an Aontais go géar, agus bhí brabúis laghdaithe go 2 % le linn an imscrúdaithe, rud a bhí neamh-inbhuanaithe. Leis an mbearna phraghais nach beag idir allmhairí dumpáilte na Brasaíle agus táirgí de chuid an Aontais (EUR 302/m^3 in aghaidh EUR 508/m^3), cuireadh cosc ar thionscal an Aontais a phraghsanna a ardú chun costais táirgthe mhéadaithe a fhritháireamh agus brabúsacht a choinneáil ar bun.

(186) Rinne an Coimisiún idirdhealú agus deighilt idir éifeachtaí na dtosca aitheanta uile ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte.

(187) Cé go bhféadfadh sé gur chuir feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais beagán leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais, níor mhaolaigh sí an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a fuarthas.

(188) Maidir le héifeachtaí na n-allmhairí ó thríú tíortha eile agus na n-allmhairí neamhdhumpáilte ón mBrasaíl, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár mhaolaigh na hallmhairí sin an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón mBrasaíl agus díobháil thionscal an Aontais.

(189) Maidir leis an laghdú ar thomhaltas agus an ardú ar chostais táirgthe, bhí dúshláin roimh thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Gan an brú praghsanna a chuireann allmhairí dumpáilte air, d'fhéadfadh an tionscal a phraghsanna a choigeartú chun freastal ar chostais níos airde agus chun freagairt ar bhealach níos éifeachtaí do dhálaí athraitheacha an mhargaidh. Mar a luadh roimhe seo, níor cheart d'allmhairí dumpáilte cosc a chur ar tháirgeoirí an Aontais méaduithe ar chostais a aistriú chuig a bpraghsanna. Dá dheasca sin, cé go raibh ar an tionscal aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le costais a bhí ag dul i méid agus éileamh laghdaithe, cinneadh nach maolaíonn na tosca sin an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón mBrasaíl agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(190) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim seo go raibh na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann ina gcúis le díobháil ábhartha do thionscal an Aontais agus nár maolaíodh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha de thoradh na dtosca eile, amhail feidhmíocht onnmhairithe thionscal an Aontais. Is éard atá sa díobháil laghdú maidir le sciar den mhargadh, táirgeadh, úsáid acmhainneachta táirgeachta, táirgiúlacht, brabúsacht, stoic dheiridh, sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíochtaí.

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

(191) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

6.1. **Corrlach díobhála**

(192) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a bhaint amach trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(193) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shocrú, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(194) I dtús báire, bhunaigh an Coimisiún bunbhrabús a chumhdaigh na costais iomlána sna gnáthdhálaí iomaíochta. Níorbh fhéidir corrlach brabúis a shuí ar bhonn aon cheann de na blianta díreach roimh an méadú ar sciar na n-allmhairí dumpáilte ón mBrasaíl. Fuarthas amach go raibh tionchar mór ag téarnamh eacnamaíoch iar-COVID-19 ar na blianta 2021 agus 2022 agus ba chosúil nach raibh siad iomchuí chun an spriocbhrabús a shocrú. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh sé níos iomchuí an leibhéal brabúsachta 9 % a sroicheadh in 2017 a úsáid.

(195) Sholáthair Tionscal an Aontais fianaise lena léiriú go mbeadh a leibhéal infheistíochtaí, taighde agus forbartha (T&F) agus nuálaíochta ní b'airde faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis sin bunaithe ar phleananna infheistíochta agus dhiúltaigh sé do thionscadail agus chuir sé ar athló iad, rud a léirigh go raibh na hinfheistíochtaí sin pleanáilte i ndáiríre. Chun é sin a léiriú sa spriocbhrabús, ríomh an Coimisiún an difríocht idir na costais a bhaineann le hinfheistíochtaí, taighde agus forbartha agus nuálaíochta ('ITFN') faoi ghnáthdhálaí iomaíochta arna soláthar ag tionscal an Aontais agus arna bhfíorú ag an gCoimisiún ar thaobh amháin, agus costais ITFN iarbhír le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar an taobh eile.

(196) Is 0,03 % a bhí sa difríocht sin, arna sloinneadh mar chéatadán den láimhdeachas, agus cuireadh é leis an mbunbrabús 9 % arna lua in aithris (191), rud a d'fhág gur 9,03 % a bhí sa spriocbhrabús.

(197) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascróidh as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, costais a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. Ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil, shuigh an Coimisiún costas breise EUR [0-5]m3 le haghaidh gach táirgeora de chuid an Aontais, i gcomparáid leis an gcostas iarbhír a bhain le comhlíonadh na gcoinbhinsiún sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Cuireadh an costas breise sin leis an bpraghas neamhdhíobhála.

(198) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach 565 EUR/m3 le haghaidh an táirge chomhchosúil a bhain le tionscal an Aontais tríd an gcorrlach brabúis thuasluaite (féach aithris (190)) a chur le costas táirgthe na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus ansin na coigeartuithe faoi Airteagal 7(2d) a chur leis ar bhonn cineál ar chineál.

(199) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh díobhála ar bhonn comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sa Bhrasaíl, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú.

(200) An leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann', sainítear é ar aon dóigh leis an gcorrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí sin (féach aithrisí (92) – (95)).

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)
An Bhrasaíl	Indústria de Compensados Sudati Ltda. Conply Indústria de Compensados Ltda. Indústria de Compensados Guararapes Ltda.	5,4	94,0
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	5,4	94,0
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	5,4	94,0

6.2. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(201) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála sealadacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)
An Bhrasaíl	Indústria de Compensados Sudati Ltda. Conply Indústria de Compensados Ltda. Indústria de Compensados Guararapes Ltda.	5,4
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	5,4
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	5,4

7. **LEAS AN AONTAIS**

(202) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(203) Is é an Cuibhreannas um Shraithadhmad Bogadhmaid, ar ceithre tháirgeoir de chuid an Aontais iad a tháirgeann níos mó ná 60 % de tháirgeacht iomlán sraithadhmaid bogadhmaid an Aontais, a chuir an gearán isteach.

(204) Dá bhforchuirfí bearta, chuirfí feabhas ar dhálaí an mhargaidh do tháirgeoirí an Aontais. Chuirfeadh sé ar a gcumas a staid iomaíoch a dhaingniú, díolacháin chaillte agus sciar den mhargadh a athghabháil, a n-úsáid acmhainneachta a ardú, agus a bpraghsáil a choigeartú chuig leibhéil inmharthana. Dá bhrí sin, chuirfeadh sé sin feabhas ar a mbrabúsacht a mhéid a bhfuiltear ag súil leis faoi dhálaí na hiomaíochta córa.

(205) In éagmais na mbeart sin, leanfadh tionscal an Aontais de bheith thíos le díobháil ábhartha de dheasca sochtadh leanúnach praghsanna mar gheall ar insreabhadh allmhairí ar phraghas ró-íseal ón mBrasaíl. D'fhágfadh sé sin go gcuirfí dlús le laghduithe ar an sciar den mhargadh, ar dhíolacháin agus ar tháirgeadh, go ndéanfaí úsáid acmhainneachta a laghdú a thuilleadh, agus go mbeadh oibríochtaí tháirgeoirí an Aontais dodhéanta. Rachadh staid an easnaimh atá i réim in olcas, rud a chuirfeadh isteach go mór ar infheistíochtaí agus ar fhostaíocht amach anseo laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go bhfuil forchur beart sealadach ag teacht le leas thionscal an Aontais.

7.2. **Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil**

(206) D'áitigh allmhaireoir neamhchomhlachaithe eile Schüttler Holzmakler/Agentur e.K. nár leor acmhainneachtaí tháirgeoirí an Aontais chun an t-éileamh a chumhdach.

(207) D'athdhearbhaigh an Coimisiún nach é an cuspóir atá le dleachtanna frithdhumpála a fhorchur ar allmhairí na Brasaíle deireadh a chur leis na hallmhairí sin ach iomaíocht chóir a athbhunú i margadh an Aontais. Thairis sin, níor aimsigh an Coimisiún aon fhianaise go mbeadh laghdú ar an iomaíocht i margadh an Aontais mar thoradh ar na bearta, go háirithe toisc gur deimhníodh san imscrúdú foinsí éagsúla soláthair sraithadhmaid bogadhmaid isteach san Aontas, lena n-áirítear táirgeoirí an Aontais, táirgeoirí na Brasaíle chomh maith le hallmhairí ó thríú tíortha eile, amhail an tSile agus an tSín.

(208) Is dócha go mbeidh allmhaireoirí in ann costais bhreise na ndualgas a chur ar aghaidh chuig a gcliaint. Níl in athdhíol shraithadhmad bogadhmaid na Brasaíle ach cuid bheag de ghnó na n-allmhaireoirí agus ní chuireann siad ach sciar beag lena mbrabúsacht. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár cheart aon tionchar mór ar bhrabúsacht na n-allmhaireoirí a bheith mar thoradh ar dhleachtanna a fhorchur ar an leibhéal cinntithe. Cé nach chun leasa na n-allmhaireoirí neamhchomhlachaithe atá na dleachtanna, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach cúis an-láidir é sin in aghaidh dleachtanna a fhorchur, agus tionchar teoranta na ndleachtanna ar na hallmhaireoirí neamhchomhlachaithe á chur san áireamh.

7.3. **Leas na n-úsáideoirí, na dtomhaltóirí agus na soláthróirí**

(209) D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid go mbeadh costais mhéadaithe d'úsáideoirí agus do thomhaltóirí deiridh san Aontas mar thoradh ar dhleachtanna arda a fhorchur ar allmhairí ón mBrasaíl. Chuir an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid i dtábhacht go mbeadh deacrachtaí ag úsáideoirí an Aontais, go háirithe in earnálacha atá ag brath ar shraithadhmad bogadhmaid, na costais sin a sheasamh nó iad a chur ar aghaidh chuig custaiméirí, a d'fhéadfadh dul i muinín roghanna malartacha níos saoire a phróiseáiltear i dtríú tíortha. Ar deireadh, lagódh sé sin breisluach na n-earraí a tháirgtear laistigh den Aontas agus chuirfeadh sé isteach go mór ar leasanna úsáideoirí agus earnálacha eacnamaíocha atá ag brath ar na hallmhairí sin.

(210) Thairis sin, chuir an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid i dtábhacht nach mbeadh tionscal an Aontais in ann freastal go hiomlán ar an éileamh ar shraithadhmad bogadhmaid, ós rud é go raibh ról ríthábhachtach ag allmhairí go stairiúil maidir le soláthar a áirithiú, go háirithe sna deighleoga margaidh níos ísle.

(211) Tháinig úsáideoir amháin chun cinn, Euroline, ar monaróir troscáin é de chuid an Aontais, agus thug sé dá aire go mbeadh méaduithe suntasacha ar phraghsanna mar thoradh ar dhleachtanna frithdhumpála a d'fhéadfaí a fhorchur ar allmhairí na Brasaíle, rud a dhéanfadh dochar d'iomaíochas chuideachtaí an Aontais. Thug sé dá aire freisin nach bhfuil aon rogha mhalartach mhaith ar tháirgí bogadhmaid toisc go bhfuil táirgí sraithadhmaid crua-adhmaid níos costasaí, agus nach bhfuil airíonna fisiceacha oiriúnacha ag ábhair eile amhail clár snáithíneach meándlúis nó clár snáithíneach ard-dlúis agus slischlár lannaithe dá dtáirgí. Chuir siad i dtábhacht freisin na himpleachtaí diúltacha do shlabhra soláthair agus d'fhostaíocht an Aontais.

(212) Níor aimsigh an Coimisiún aon fhianaise a thabharfadh le fios nach mbeadh táirgeoirí an Aontais in ann freastal ar éileamh mhargadh an Aontais sa chás nach dócha go scoirfí d'allmhairí an táirge lena mbaineann ón mBrasaíl tar éis dleachtanna frithdhumpála a fhorchur. Thairis sin, tá na dleachtanna frithdhumpála a d'fhéadfadh a bheith ann measartha beag agus ní dócha go mbeidh méaduithe suntasacha ar phraghsanna mar thoradh orthu, go gcuirfidh siad isteach ar shlabhraí soláthair nó go mbeidh rioscaí ag baint leo don fhostaíocht laistigh den Aontas. Bhreithnigh an Coimisiún freisin infhaighteacht soláthróirí malartacha i dtríú tíortha eile, chomh maith le hacmhainneachtaí táirgeachta substaintiúla thionscal an Aontais. Mheas sé go mbeadh úsáideoirí in ann leanúint de shraithadhmad bogadhmaid a fhoinsiú i gcáilíocht agus i gcainníocht leordhóthanach ó sholáthróirí iomadúla san Aontas, i dtríú tíortha eile, lena n-áirítear an tSile agus an tSín, agus ó sholáthróir sa Bhrasaíl freisin ar phraghsanna neamhdhumpáilte. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, dá gcuirfí bearta frithdhumpála chun feidhme, go mbeadh a dtionchar ar úsáideoirí teoranta.

7.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(213) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh cúis láidir ann nach mbeadh sé le leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí sraithadhmaid bogadhmaid de thionscnamh na Brasaíle le linn na céime seo den fhiosrúchán.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(214) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.

(215) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí sraithadhmaid bogadhmaid de thionscnamh na Brasaíle, i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún an corrlach díobhála agus an corrlach dumpála i gcomparáid le chéile in aithris (199) thuas. Is ar leibhéal an chorrlaigh dumpála nó an chorrlaigh díobhála, cibé acu luach ab ísle, a socraíodh méid na ndleachtanna.

(216) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)
An Bhrasaíl	Indústria de Compensados Sudati Ltda. Conply Indústria de Compensados Ltda. Indústria de Compensados Guararapes Ltda.	5,4
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	5,4
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	5,4

(217) An dleachtráta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh é ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú é ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis an gcuideachta sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(218) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(4) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann'.

(219) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(4) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(220) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur leis an dleachtráta aonair nó le dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

9. **CLÁRÚ**

(221) Mar a luaitear in aithris (3), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe. Rinneadh an clárú chun go mbeadh an fhéidearthacht ann dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(222) I bhfianaise na dtorthaí ag an gcéim shealadach, ba cheart scor de chlárú na n-allmhairí.

(223) Ní dhearnadh aon chinneadh nó ní féidir cinneadh a dhéanamh ag an gcéim seo den nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach féideartha i ndáil le bearta frithdhumpála.

10. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(224) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(225) Thug an táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Brasaíle, Guararapes, freagra ar an bhfaisnéis a seoladh chuige agus thug sé dá aire go raibh earráid chléireachais sna ríomhanna, is é sin gur chuir an Coimisiún an lasta aigéin agus an t-árachas san áireamh ina ndíolacháin leis na custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas i gcás a dhíolachán saor ar bord ('SAB').

(226) Ghlac an Coimisiún leis an maíomh gur cheart an earráid chléireachais a cheartú agus an méid a chomhfhreagraíonn don lasta aigéin agus don árachas ar dhíolacháin SAB Guararapes leis na custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a bhaint de na lamháltais a asbhaintear ón bpraghas onnmhairiúcháin. Dá thoradh sin, cheartaigh an Coimisiún na corrlaigh dumpála le haghaidh Guararapes, SCG Group, na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla agus na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha.

(227) Ní bhfuarthas aon bharúil eile maidir leis an bhfaisnéis a seoladh.

11. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(228) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(229) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí sraithadhmaid, gan ann ach leatháin adhmaid (seachas bambú), nach mó ná 6 mm tiús gach sraithe, ar den adhmad buaircíneach an dá shraith sheachtracha, bídís brataithe nó clúdaithe ar an dromchla nó ná bídís ('sraithadhmad bog'), a aicmítear faoi láthair faoi chód AC 4412 39 00 agus ar de thionscnamh na Brasaíle iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála sealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)	Cód breise TARIC
An Bhrasaíl	Indústria de Compensados Sudati Ltda. Conply Indústria de Compensados Ltda. Indústria de Compensados Guararapes Ltda.	5,4	89XQ
	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	5,4	Féach an Iarscríbhinn
	Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	5,4	8999

3. Níl dleachtanna frithdhumpála infheidhme maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin Brasaíleach Nereu Rodrigues & Cia Ltda (cód breise TARIC 89XR).

4. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid san aonad atá á úsáid againn) de (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa tír lena mbaineann. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.'* Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin ar fáil, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann.

5. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

6. I gcás ina dtíolacfar dearbhú um scaoileadh chun saorchúrsaíochta i ndáil leis an táirge dá dtagraítear i mír 1, gan beann ar a áit tionscnamh, déanfar meáchan na dtáirgí in m3 arna n-allmhairiú a iontráil i réimse ábhartha an dearbhaithe sin.

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas, ar bhonn míosúil, faoin líon m3 arna allmhairiú faoi chód AC 4412 39 00.

7. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí mar a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/922 ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2025.

2. Maidir le sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas Eorpach lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a choimeád go dtí go dtiocfaidh aon bhearta cinntitheacha i bhfeidhm, sin nó go dtí go bhfoirceannfar na himeachtaí seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sa Bhrasaíl nár sampláladh

Ainm	Cód breise TARIC
Agil Madeiras Eireli	89XS
Agrosepac Serrados Ltda	89XT
Argenta Bonotto & Cia Ltda	89XU
Brasnile Industrial Ltda	89XV
Celplac Industria e Comercio Ldta	89XW
Comércio De Madeiras Brandes Ltda	89XX
Compensa Industry And Trade Plywood Ltda	89XY
Compensados Drabecki Ltda	89XZ
Compensados e Laminados Lavrasul S/A	89YA
Compensados Fiveply Ltda	89YB
Compensados Fuck Ltda	89YC
Compensados Laselva Ltda	89YD
Compensados Nm Ltda	89YE
Compensados Novo Milênio Ltda	89YF
Compensados Relvaplac Ltda	89YG
Compensados Scharan Ltda	89YH
Dalgallo Compensados e Portas Ltda	89YI
Dallo Madeiras Ltda	89YJ
Fabricio Antonio Moreira Neto Eireli	89YK
Faganello Industria e Comércio De Compensados Ltda	89YL
Formato Compensados Ltda	89YM
Fv De Araujo	89YN
G13 Madeiras Ltda	89YO
Guaraetá Compensados Ltda	89YP
Industrial Arbhores Compensados Eireli	89YQ
Industrial Madeireira S.A	89YR
Itamarati Plywood Industry Ltda	89YS
J8 Compensados Ltda	89YT
Laminadora Centenário Ltda	89YU
Lfr Carli & Cia Ltda	89YV
M7 Industria e Comercio e Compensados e Laminados Ltda	89YW
Madebil Madereira Bituruna Ltda	89YX
Madeiras Eulide	89YZ
Madeireira Belo Horizonte Ltda	89ZA
Madeireira Ek Ltda	89ZB
Madeireira Rio Claro Ltda	89ZC

Ainm	Cód breise TARIC
Madeireira Rochembach Ltda	89ZD
Marini Industria de Compensados Ltda	89ZE
Mgs Industria de Compensados Ltda	89ZF
Multi Ply Wood do Brasil SA	89ZG
Newply Madeiras Eireli	89ZH
Nobre Painéis Ltda	89ZI
Palmasola S/A Madeiras e Agricultura	89ZJ
Pinustan Industria e Comercio de Madeiras Ltda	89ZK
Placa Comercio de Madeiras e Compensados Ltda	89ZL
Miraluz Industria e Comércio de Madeiras Ltda	89ZM
Randa Portas, Molduras e Compensados Ltda	89ZN
Repinho Reflorestadora Madeiras e Compensados Ltda	89ZO
Rionile Madeiras Ltda	89ZP
Rodochapas Administradora de Bens Ltda	89ZQ
Senbra Industria e Comercio de Madeiras	89ZR
Somapar Sociedade Madereira Paranaense Ltda	89ZS
Tableros Indústria e Comércio de Painéis Ltda	89ZT
Top Pisos Industria de Artefatos de Madeiras Ltda	89ZU
VW Indústria e Comércio de Madeiras	89ZV